C/2026/70

30.1.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1907/2006, (AE) Uimh. 528/2012, (AE) Uimh. 649/2012 agus (AE) 2019/1021

(COM(2025) 386 final — 2025-207-COD)

(C/2026/70)

Rapóirtéir ginearálta: **Maciej Dawid KUNYSZ**

Comhairleoir	Frank ALLEN
Nós imeachta reachtach	EU Law Tracker
Comhairliúchán	Parlaimint na hEorpa, 6.10.2025 Comhairle an Aontais Eorpaigh, 26.9.2025
Bunús dlí	Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Doiciméid an Choimisiúin Eorpaigh	COM(2025) 386 final — 2025-207-COD Achoimre ar COM(2025) 386 final — 2025-207-COD
Na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) lena mbaineann	SFI 16 — Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre SFI 3 — Sláinte mhaith agus dea-bhail SFI 12 — Patrún freagrach tomhaltais agus táirgeachta
An rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	600
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	197/4/8

1. MOLTAÍ

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

1.1. Is díol sásaimh do CESE an rialachán atá beartaithe maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (*European Chemicals Agency*, ECHA), rud a chruthóidh creat dlíthiúil neamhspleách chun cabhrú le ECHA na curaimí atá air, atá ag dul i líonmhaireacht, a bhainistiú go héifeachtúil d'fhonn sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Tá sé iarrtha cheana féin ag CESE i dtuairim NAT/911 ([1]) go ndéanfaí amhlaidh.

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha lena áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais do cheimiceáin agus — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú agus — Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO C, C/2024/3381, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3381/oj).

1.2. Creideann CESE gur cheart, mar chuid den phróiseas cinnteoireachta, riachtanais grúpaí leochaileacha a chur san áireamh sna measúnuithe eolaíocha ar cheimiceáin. Is mó an bhagairt ar ghrúpaí leochaileacha an drochshláinte, an díobháil agus an teacht i dtír de dheasca tosca mar an stádas socheacnamaíoch, an aois, an tsláinte nó an t-imeallú sóisialta. I measc na ngrúpaí leochaileacha is coitinne tá leanaí, daoine scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas, imircigh agus dídeanaithe, grúpaí mionlacha cine agus eitneacha agus iad siúd atá thíos leis an easpa dídine nó an bhochtaineacht. An leas a bhaintear as substaintí ceimiceacha áirithe, is féidir leis fadhbanna ar leith a chruthú do na grúpaí sin. Impíonn CESE ar an nGníomhaireacht peirspictíocht na hAon Sláinte Amháin a fhí isteach ina measúnuithe ar cheimiceáin ionas gur fearr a thabharfar aghaidh ar na rioscaí a mbíonn tionchar díréireach acu ar ghrúpaí leochaileacha agus gur féidir an rialachas cuimsitheach trédhearcach comhordaithe a neartú ([2]).

1.3. Tugann CESE dá aire go bhfuil rath na Gníomhaireachta ag brath ar a neamhspleáchas a áirithiú agus ar a áirithiú go measfar gur gníomhaireacht neamhspleách í i gcomhlíonadh a ndualgas agus a bhfreagrachtaí. Ní mór go measfar gur daoine neamhspleácha iad comhaltaí uile an choiste agus go mbeidh glacadh ag an bpobal leo. Caithfear an-tábhacht a chur le saincheist na gcoinbhleachtaí leasa, lena chinntiú gur forleathan an glacadh a bheidh ag na tuairimí eolaíocha.

1.4. Molann CESE, sna tograí nua go léir, an rochtain is leithne is féidir a áirithiú ar gach doiciméad a bhfuil sonraí ceimiceán ann agus ar gach foinse faisnéise eile maidir le sonraí ceimiceán. Fágfaidh sé sin go mbeidh an bonn is fearr is féidir faoin gcomhairle eolaíochta. Tá sé riachtanach sonraí acadúla neamhspleácha a bheith ar fáil, agus tá gá le sásra lena áirithiú go gcuirtear na sonraí sin san áireamh.

1.5. Maidir leis an mBord Achomhairc, ar a bhfuil cathaoirleach amháin agus beirt chomhaltaí eile, tá CESE den tuairim gur róchúng agus rótheoranta an t-eintiteas é chun aghaidh a thabhairt ar bhealach sásúil leis na hachomhairc éagsúla a thiocfaidh chun cinn. Teastaíonn ballraíocht níos leithne ón mBord Achomhairc, dar le CESE, má táthar chun córas achomhairc cothrom trédhearcach a áirithiú.

1.6. Cuireann CESE i bhfáth gur gá prionsabal an réamhchúraim a bheith i bhfeidhm chun an tsláinte phoiblí agus an comhshaol a chosaint sa chás nach ag teacht le chéile atá na tuairimí eolaíochta éagsúla. Ní mór don chreat rialála tús áite a thabhairt i gcónaí don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol.

1.7. Éilíonn CESE go gcuirfí áiseanna leordhóthanacha ar fáil do choistí ECHA agus go dtabharfaí isteach táscairí tráthúlachta agus caighdeáin seirbhíse. Is gá na gnéithe sin go léir a thuairisciú sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair agus sa tuarascáil bhliantúil.

1.8. Molann CESE Painéal Comhairleach buan de chuid na Sochaí Sibhialta a bhunú chun comhairle a chur ar Bhord Bainistíochta ECHA, agus molann sé tuairimí agus miontuairiscí an phainéil sin a fhoilsiú.

1.9. Iarrann CESE go bhfoilseofaí go réamhghníomhach ábhar ionchuir nach ábhar rúnda é mar aon le hachoimrí, arna scríobh i bhfoclaíocht shoiléir sholéite, ar thuairimí, ar chinntí agus ar thuarascálacha (i mBéarla agus i dteangacha na mBallstát ábhartha), maille le meiteashonraí inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte (meiteashonraí FAIR) agus comhéadan feidhmchláir le haghaidh athúsáid sonraí. Tá CESE i bhfabhar freisin an ceart a thabhairt d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha incháilithe labhairt leis an mBord Achomhairc, agus táillí a tharscaoileadh nó a laghdú d'eagraíochtaí dá leithéid.

2. **NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN**

Argóintí ar son mholadh 1.2

2.1. Fianaise acadúil neamhspleách. D'fhonn feabhas a chur ar an trédhearcacht agus muinín a thógáil, ba cheart don Bhord Bainistíochta a áirithiú go ndéanfar cíoradh córasach ar na staidéir acadúla phiarmheasúnaithe le haghaidh gach tuairime ábhartha agus go bhfoilseofar ráiteas aiseolais gearr poiblí a mhíneoidh an leas a baineadh as an bhfianaise neamhspleách nó an fáth nár cuireadh san áireamh í.

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Pláinéad folláin ar a bhfuil daoine folláine: i dtreo cur chuige cuimsitheach i ndáil le 'Aon Sláinte Amháin' (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2026/16, 16.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/16/oj).

2.2. Grúpaí leochaileacha agus teagmháil charnach. Leagann CESE béim ar an mbaol díréireach atá roimh leanaí, daoine atá ag iompar clainne nó ag cothú linbh ar an gcíoch, daoine a bhfuil córas imdhíonachta lagaithe acu agus oibrithe a mbíonn teagmháil an-rialta acu le ceimeiceáin, an teagmháil charnach san áireamh. Cuireann an Coimisiún féin in iúl gur féidir le hairí guaiseacha ar leith dochar mór a dhéanamh do leanaí, do mhná atá ag iompar clainne, agus do dhaoine scothaosta, agus go mbíonn teagmháil fhorleathan le ceimiceáin ag tomhaltóirí agus oibrithe i dtáirgí agus ina áiteanna oibre ([3]). Is é is aidhm don chur chuige cineálach i leith riosca a úsáid ar bhonn níos leithne ná cosaint níos comhsheasmhaí a áirithiú do na grúpaí leochaileacha ([4]).

Argóintí ar son mholadh 1.3

2.3. Neamhspleáchas agus coinbhleachtaí leasa. Cuireann CESE i bhfáth gur gá gur féidir an neamhspleáchas a léiriú. Ba cheart do na treoirlínte maidir le coinbhleacht leasa critéir íosta a leagan síos, lena n-áirítear tréimhse mharana 24 mhí tar éis post a bheith ag an duine le hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil measúnú le déanamh ag an nGníomhaireacht orthu, leasanna a nochtadh go poiblí 14 lá ar a laghad roimh chruinniú, agus rialacha maidir le seasamh siar. Is gá go gcumhdóidh na rialacha sin na comhaltaí, na comhaltaí comhthofa, na comhairleoirí agus na saineolaithe seachtracha a bhfuil baint acu le dréachtú nó athbhreithniú tuairimí. Chinn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go raibh beartais ECHA maidir le coinbhleacht leasa neamhiomlán agus nach raibh siad beacht a dhóthain, agus mhol an Chúirt go leagfaí síos critéir shoiléire oibiachtúla chun dearbhuithe maidir le leasanna a mheas agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann leis an tréimhse iarfhostaíochta ([5]).

2.4. An Bord Bainistíochta agus an tsochaí shibhialta. Ba cheart a bheith ar an mBord Bainistíochta comhalta amháin ar a laghad a bhfuil cearta vótála aige arb as eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta é atá gníomhach i réimse na sláinte poiblí, an chomhshaoil nó na cosanta tomhaltóirí, agus ba cheart an duine sin a roghnú de réir nós imeachta oscailte neamh-idirdhealaitheach lena ngabhann teorainneacha téarma. Ba cheart do Phainéal Comhairleach buan de chuid na Sochaí Sibhialta tuairimí a eisiúint maidir leis an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair, an beartas trédhearcachta, na rialacha maidir leis an gcoinbhleacht leasa agus na táscairí tráthúlachta. Ba cheart tuairimí agus miontuairiscí an phainéil sin a fhoilsiú.

Argóintí ar son mholadh 1.4

2.5. An trédhearcacht agus athúsáid sonraí. Ba cheart ábhar ionchuir nach ábhar rúnda é a fhoilsiú ar bhonn réamhghníomhach mar aon le hachoimrí, arna scríobh i bhfoclaíocht shoiléir sholéite, ar thuairimí, ar chinntí agus ar thuarascálacha, i mBéarla agus i dteangacha na mBallstát ábhartha. Ba cheart meiteashonraí FAIR a bheith sna tacair sonraí agus ba cheart iad a chur ar fáil trí bhíthin comhéadan feidhmchláir chun anailís neamhspleách agus athúsáid a éascú.

Argóintí ar son mholadh 1.5

2.6. Acmhainn agus tráthúlacht. I bhfianaise sainchúram na Gníomhaireacht a bheith ag dul i méid, éilíonn CESE acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don Choiste um Measúnú Riosca, don Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch agus do choistí eile le gur féidir táscairí tráthúlachta agus caighdeáin seirbhíse a thabhairt isteach (mar shampla céatadán na dtuairimí a eisítear in am, meánfhad na próiseála agus luathrabhadh ráithiúil). Ba cheart na torthaí a thuairisciú sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair agus sa tuarascáil bhliantúil. Tá samhail mhaoiniúcháin chobhsaí nua do ECHA á héileamh ag Parlaimint na hEorpa, mar aon le leibhéil foirne leordhóthanacha le gur féidir an Comhaontú Glas agus an Straitéis Ceimiceán a chur i gcrích ([6]).

2.7. An Bord Achomhairc — tionchar na n-achomharc. D'fhonn an deimhneacht dhlíthiúil agus leas an phobail a chosaint, níor cheart éifeacht fionraíochta uathoibríoch a bheith ag an achomharc. Ní fhéadfaidh an Bord Achomhairc fionraí a dheonú ach amháin i gcás *prima facie* ina léirítear díobháil thromchúiseach dholeigheasta, tar éis measúnú a dhéanamh ar chothromaíocht na leasanna. Tá CESE i bhfabhar freisin an ceart a thabhairt d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha incháilithe idirghabháil a dhéanamh nó a bheith ina *amicus curiae*, agus táillí a tharscaoileadh nó a laghdú d'eagraíochtaí dá leithéidí.

2.8. Caighdeán maidir leis an gcomhairliúchán poiblí. I gcás thuairimí tábhachtacha na gcoistí agus na ndréacht-treoirlínte, ba cheart don Ghníomhaireacht comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil a mhairfeadh ocht seachtaine ar a laghad agus ráiteas aiseolais poiblí a fhoilsiú ina ndéanfaí achoimre ar an ábhar ionchuir agus ar fhreagraí na Gníomhaireachta. De réir threoirlínte an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr, tá gá le comhairliúcháin phoiblí éigeantacha ar líne (12 sheachtain ar a laghad) i gcás tionscnaimh a ngabhann measúnuithe tionchair leo, mar aon le hachoimre ghairid fhíorasach ar na príomh-shaincheisteanna faoi cheann ocht seachtaine i ndiaidh an chomhairliúcháin ([7]).

([3]) An Coimisiún Eorpach, COM(2020) 667, pointe 2.2.1.
([4]) An Coimisiún Eorpach, COM(2020) 667, pointe 2.2.1.
([5]) Tuarascáil speisialta 15/2012 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.
([6]) *Parlaimint na hEorpa, Urscaoileadh 2020: an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, 4 Bealtaine 2022, P9_TA(2022)0174*.
([7]) An Coimisiún Eorpach — Treoirlínte maidir le Rialáil níos fearr (SWD(2021) 305 final), 3 Samhain 2021.

2.9. An buiséad le haghaidh rannpháirtíochta agus trédhearcachta. Molann CESE ceannteideal buiséid imfhálaithe a thabhairt isteach le haghaidh rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, rud a chumhdódh an t-aistriúchán, achoimrí i bhfoclaíocht shoiléir sholéite, comhairliúcháin agus rannpháirt saineolaithe ó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, lena áirithiú go mbeidh trédhearcacht agus rannpháirtíocht i gceist i gcónaí.

3. NA LEASUITHE ATÁ BEARTAITHE AR AN TOGRA REACHTACH ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

Leasú 1

Baineann an leasú seo le moladh 1.2.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
Airteagal 4(2) Agus a cuspóirí á gcomhlíonadh ag an nGníomhaireacht, beidh sé d'aidhm aici rannchuidiú le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol, le saorchúrsaíocht substaintí sa mhargadh inmheánach agus le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht i measúnú agus i mbainistiú ceimiceán ar fud an Aontais, agus iomaíochas agus nuálaíocht á bhfeabhsú an tráth céanna, agus riachtanais shonracha fiontar beag agus meánmhéide ('FBManna') á gcur san áireamh mar atá sainmhínithe sa Mholadh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú 121 agus roghanna malartacha ar thástáil ainmhithe a chur chun cinn.	Airteagal 4(2) Agus a cuspóirí á gcomhlíonadh ag an nGníomhaireacht, beidh sé d'aidhm aici rannchuidiú le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol, ***lena n-áirítear grúpaí leochaileacha a chosaint,*** le saorchúrsaíocht substaintí sa mhargadh inmheánach agus le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht i measúnú agus i mbainistiú ceimiceán ar fud an Aontais, agus iomaíochas agus nuálaíocht á bhfeabhsú an tráth céanna, agus riachtanais shonracha fiontar beag agus meánmhéide ('FBManna') á gcur san áireamh mar atá sainmhínithe sa Mholadh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú 121 agus roghanna malartacha ar thástáil ainmhithe a chur chun cinn.

Cúis

Leanaí agus grúpaí leochaileacha eile, teastaíonn cosaint speisialta uathu ós féidir nach mbíonn siad go hiomlán ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann leis an ábhar ceimiceach i dtáirgí ar leith.

Leasú 2

Baineann an leasú seo le moladh 1.3.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
Airteagal 14(1) Ainmneoidh gach Ballstát beirt iarrthóirí ar chomhaltas CMR agus féadfaidh siad suas le beirt iarrthóirí breise a ainmniú.	Airteagal 14(1) Ainmneoidh gach Ballstát beirt iarrthóirí ar chomhaltas CMR agus féadfaidh siad suas le beirt iarrthóirí breise a ainmniú. ***Eiseoidh an Coimisiún Eorpach treoirlínte soiléire maidir le neamhspleáchas agus coinbhleachtaí leasa na gcomhaltaí, na gcomhaltaí comhthofa, na gcomhairleoirí agus na saineolaithe go léir a mheas.***

Cúis

Ní mór go mbeidh cuma an neamhspleáchais ar gach duine de chomhaltaí choistí ECHA ionas go measfar gur cothrom agus réasúnach na cinntí a ghlacfar agus nach i dtuilleamaí leas dílsithe atá siad. Caithfear coinbhleachtaí leasa a láimhseáil ar bhealach trédhearcach ionas gur féidir leis an bpobal muinín a chur sna cinntí arna nglacadh ag na coistí.

Leasú 3

Baineann an leasú seo le moladh 1.4.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
Airteagal 16(1)	Airteagal 16(1)
Féadfaidh an Ghníomhaireacht brath ar sheirbhísí saineolaithe chun fónamh i meitheal de na coistí, den Fhóram, nó de mheithleacha eile de chuid na Gníomhaireachta nó chun cúraimí eile a leagtar amach sa Rialachán seo nó i reachtaíocht earnála an Aontais a fheidhmiú, i gcás ina bhfuil údar cuí leis de bharr an chomhthéacs eolaíoch agus theicniúil, nó de bharr an ardleibhéil saineolais is gá. Is le cinneadh ón mBord Bainistíochta a ghlacfar an nós imeachta maidir le saineolaithe a úsáid agus raon feidhme na húsáide sin.	Féadfaidh an Ghníomhaireacht brath ar sheirbhísí saineolaithe chun fónamh i meitheal de na coistí, den Fhóram, nó de mheithleacha eile de chuid na Gníomhaireachta nó chun cúraimí eile a leagtar amach sa Rialachán seo nó i reachtaíocht earnála an Aontais a fheidhmiú, i gcás ina bhfuil údar cuí leis de bharr an chomhthéacs eolaíoch agus theicniúil, nó de bharr an ardleibhéil saineolais is gá. Is le cinneadh ón mBord Bainistíochta a ghlacfar an nós imeachta maidir le saineolaithe a úsáid agus raon feidhme na húsáide sin. ***Caithfear foráil a dhéanamh maidir le léargais fhiúntacha an taighde neamhspleách a chur chun lántairbhe, staidéir acadúla phiarmheasúnaithe atá ábhartha chun críoch rialála, cuir i gcás.***

Cúis

Is mór is féidir le sonraí neamhspleácha cur leis an bpróiseas rialála.

Leasú 4

Baineann an leasú seo le moladh 1.5.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
Airteagal 20(1)	Airteagal 20(1)
Beidh Cathaoirleach agus ***beirt chomhaltaí*** eile ar an mBord Achomhairc.	Beidh Cathaoirleach agus ***ceathrar comhaltaí*** eile ar an mBord Achomhairc.

Cúis

Is róchúng ballraíocht an Bhoird Achomhairc atá beartaithe chun déileáil leis na hachomhairc a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

Leasú 5

Baineann an leasú seo le moladh 1.6.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
Airteagal 45(3)	Airteagal 45(3)
Oibreoidh an Ghníomhaireacht agus an comhlacht lena mbaineann i gcomhar le chéile chun an éagsúlacht a réiteach. Mura bhfuil an Ghníomhaireacht agus an comhlacht lena mbaineann in ann an éagsúlacht a réiteach, déanfaidh siad tuarascáil chomhpháirteach a tharraingt suas. Leagfar amach go soiléir sa tuarascáil na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha, sainaithneofar inti na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí agus na bunchúiseanna atá leis na tuairimí éagsúla, lena n-áirítear tuairimí maidir le difríochtaí modheolaíochta, agus cuirfear ar fáil go poiblí iad. I gcás inar gníomhaireacht de	Oibreoidh an Ghníomhaireacht agus an comhlacht lena mbaineann i gcomhar le chéile chun an éagsúlacht a réiteach. Mura bhfuil an Ghníomhaireacht agus an comhlacht lena mbaineann in ann an éagsúlacht a réiteach, déanfaidh siad tuarascáil chomhpháirteach a tharraingt suas. Leagfar amach go soiléir sa tuarascáil na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha, sainaithneofar inti na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí agus na bunchúiseanna atá leis na tuairimí éagsúla, lena n-áirítear tuairimí maidir le difríochtaí modheolaíochta, agus cuirfear

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
chuid an Aontais nó coiste eolaíochta an comhlacht lena mbaineann, cuirfidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin.	ar fáil go poiblí iad. I gcás inar gníomhaireacht de chuid an Aontais nó coiste eolaíochta an comhlacht lena mbaineann, cuirfidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin. ***I gcás éagsúlachtaí tromchúiseacha eolaíochta, beidh feidhm ag prionsabal an réamhchúraim chun an tsláinte phoiblí agus an comhshaol a chosaint.***

Cúis

Ní beag an fhadhb é tuairimí eolaíochta éagsúla nach mbíonn ag teacht le chéile agus, dá bhrí sin, ní mór prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm go dtí gur féidir an fhadhb a réiteach.

An Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND